An Ghaeilge ar an imeall

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi úsáid na Gaeilge i gComhairle Contae na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad na teangacha oifigiúla in Éirinn? An mbaintear úsáid astu de ghnáth i gcruinnithe poiblí? Cen fáth? Conas is féidir rogha níos fearr a thabhairt do dhaoine ar mhaith leo rogha teanga a bheith acu?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. switch to English _____
2. interpreting service _____
3. in danger _____
4. limiting the use of Irish _____
5. choice _____
6. earphones _____
7. in order to get an English translation _____
8. if they don't wish to _____
9. small minority _____
10. according to a survey _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén teanga a úsáidtear ag cruinnithe de Chomhairle Contae na Gaillimhe?

2. Cén cineál seirbhíse a chuirtear ar fáil do chomhairleoirí gan Ghaeilge?

3. An mbaineann an comhairleoir Tiernan Walsh úsáid as an tseirbhís sin? Cén fáth?

4. Cen t-éileamh atá á dhéanamh ag an gcomhairleoir Walsh?

5. Cén dearcadh atá ag an gcomhairleoir James Joyce faoin scéal?

6. Cad a deir an Coimisinéir Teanga faoin gcás seo?

7. Cad a thaispeáin an suirbhé a rinne *Lá Nua* faoi chomhairleoirí contae na Gaillimhe agus úsáid na Gaeilge?

Ceist 4 ‘Tá caint *tarraingthe* ag comhairleoir contae amháin i nGaillimh.’
‘Le roinnt blianta anuas tá rogha *tugtha* do chomhairleoirí chontae na Gaillimhe a gcuid cainte a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Ní féidir an teach nua a thógáil go dtí go mbíonn an seanteach _____. (leag)

2. Níor aontaigh an comhairleoir James Joyce leis an méid a bhí _____ ag an gcomhairleoir Walsh. (abair)

3. Nuair a bhí na páistí _____ a chodladh ag Máire, shuigh sí síos cois tine chun an nuachtán a léamh. (cuir)

4. Beidh áthas ar na mic léinn nuair bheidh an téarma _____. (críochnaigh)

5. Nuair a bhí an litir _____ ag Séamus, shínigh sé í agus chuir sé sa phost í. (scríobh)

Ceist 5 ‘Dúirt an Coimisinéir Teanga gur mionlach beag a chuireann i gcoinne na Gaeilge ag *cruinnithe*.’
‘Ní gach uile dhuine atá ag iarraidh na *cluasáin* a chur orthu.’

Anois an féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí thíos a líonadh?

1	cruinniú	`cruinnithe`
2	cluasán	`cluasáin`
3	rogha	
4	comhairleoir	
5	mionlach	
6	ceantar	
7	teorainn	
8	pointe	
9	tuairisc	
10	litir	
11	aistriúchán	
12	masla	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An aontaíonn sibh leis an gcomhairleoir Walsh gur cheart do chomhairleoirí an Béarla a úsáid má tá siad ag caint go díreach leis i gcruinniú? Cén fáth nach dteastaíonn uaidh na cluasáin a úsáid, dar libh? Cén réiteach atá ar an scéal?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. iompú ar an mBéarla
2. seirbhís ateangaireachta
3. i mbaol
4. ag cur teorann le húsáid na Gaeilge
5. rogha
6. cluasáin
7. ar mhaithe le haistriúchán Béarla a fháil
8. mura mian leo
9. mionlach beag
10. de réir suirbhé

Ceist 3

1. Tá rogha tugtha do chomhairleoirí chontae na Gaillimhe a gcuid cainte a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge ag cruinnithe de chuid na Comhairle.

2. Cuirtear seirbhís ateangaireachta ar fáil.

3. Níl sé de chleachtadh ag an gcomhairleoir contae Tiernan Walsh an tseirbhís ateangaireachta a úsáid ag cruinnithe de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar, a deir sé, go hiondúil is gnó a bhaineann le ceantair eile agus ní a cheantar féin a bhíonn á phlé i nGaeilge.

4. Deir sé nach bhfuil sé i gcoinne na Gaeilge agus go bhfuil sé de cheart ag daoine Gaeilge a labhairt ag an cruinnithe más mian leo. An pointe atá aige ná más rud é go bhfuil na comhairleoirí contae a labhraíonn Gaeilge ag iarraidh pointe a dhéanamh dósan, ba cheart go ndéarfaidís i mBéarla é.

5. Má tá duine ag labhairt i nGaeilge, ní dóigh le James Joyce gur cheart go mbeadh orthu labhairt i mBéarla ina dhiaidh. Níl aon deacracht aige leis na cluasáin sa Chomhairle Contae. Tá áthas air go bhfuil siad ann agus gur féidir le daoine iad a úsáid más mian leo. Mura mian leo, is iad féin a bhéas thíos leis, a deir sé.

6. Deir an Coimisinéir Teanga gur mionlach beag an dream a chuireann i gcoinne na Gaeilge ag cruinnithe. Níor cheart, a deir sé, teorannú a dhéanamh ar an nGaeilge mar go gcuireann sé sin an teanga ar an imeall agus i mbaol.

7. De réir suirbhé atá déanta ag an bpáipéar *Lá Nua*, deir formhór na gcomhairleoirí contae go n-úsáideann siad an tseirbhís ateangaireachta. Tá roinnt eile a deir go bhfuil siad sásta lena gcuid Gaeilge féin agus nach dteastaíonn aistriúchán uathu.

Ceist 4

An aidiacht bhriathartha atá i gceist anseo.

1. leagtha
2. ráite
3. curtha
4. críochnaithe
5. scríofa

Ceist 5

1	cruinniú	cruinnithe
2	cluasán	cluasáin
3	rogha	roghanna
4	comhairleoir	comhairleoirí
5	mionlach	mionlaigh
6	ceantar	ceantair
7	teorainn	teorainneacha
8	pointe	pointí
9	tuairisc	tuairiscí
10	litir	litreacha
11	aistriúchán	aistriúcháin
12	masla	maslaí

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá caint tarraingthe ag comhairleoir contae amháin i nGaillimh mar go gceapann sé gur cheart do chomhairleoirí a labhraíonn i nGaeilge iompú ar an mBéarla má bhíonn rudaí á bplé i nGaeilge a mbeadh suim ag gach uile dhuine iontu. Tiernan Walsh a dúirt é seo cé go bhfuil seirbhís ateangaireachta ar fáil ag cruinnithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Dúirt an Comisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, go mbeidh an Ghaeilge i mbaol má thosaítear ag cur teorann le húsáid na Gaeilge ag cruinnithe. Tá tuilleadh faoin scéal ag Áine Lally.

Áine Lally

Le roinnt blianta anuas tá rogha tugtha do chomhairleoirí chontae na Gaillimhe a gcuid cainte a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge ag cruinnithe de chuid na Comhairle. Tá seirbhís ateangaireachta ar fáil anseo in Áras an Chontae ach ní gach uile dhuine atá ag iarraidh na cluasáin a chur orthu ar mhaithe le haistriúchán Béarla a fháil. Níl sé de chleachtadh ag an gcomhairleoir contae Tiernan Walsh na cluasáin a úsáid ag cruinnithe[1] de chuid Comhairle Contae na Gaillimhe mar, a deir sé, go hiondúil is gnó a bhaineann le ceantair eile agus ní a cheantar féin a bhíonn á phlé i nGaeilge. Níl sé i gcoinne na Gaeilge agus deir sé go bhfuil sé de cheart ag daoine Gaeilge a labhairt ag na cruinnithe más mian leo. An pointe atá aige ná más rud é go bhfuil na comhairleoirí contae a labhraíonn Gaeilge ag iarraidh pointe a dhéanamh dósan, ba cheart go ndéarfaidís i mBéarla é. Ní aontaíonn gach uile chomhairleoir contae leis seo.

James Joyce

Má tá duine ag labhairt i nGaeilge, is leor sin. Ní dóigh liomsa go mba cheart dóibh.....go mbeadh orthu labhairt i mBéarla ina dhiaidh. Níl aon deacracht agamsa leis na cluasáin sa Chomhairle Contae. Tá áthas orm go bhfuil siad ann agus gur féidir le daoine iad a úsáid más mian leo agus mura mian leo iad a úsáid, bhuel, is iad féin a bhéas thíos leis.

Áine Lally

Inniu dúirt an Coimisinéir Teanga gur mionlach beag an dream a chuireann i gcoinne na Gaeilge ag cruinnithe. Níor cheart, a deir Seán Ó Cuirreáin, tosnú a dhéanamh ar theorannú ar an nGaeilge mar go gcuireann sé sin an teanga ar an imeall agus i mbaol. De réir suirbhé atá déanta ag an bpáipéar *Lá Nua*, deir formhór na gcomhairleoirí contae i nGaillimh go n-úsáideann siad na cluasáin. Tá roinnt eile a deir go bhfuil siad sásta lena gcuid Gaeilge féin agus nach dteastaíonn aistriúchán uathu.

Áine Lally, Nuacht TG4, i gcathair na Gaillimhe

[1] *cruinneachaí* a deirtear sa mhír